

Uimhir chláráithe: 414351

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ  
NA hÉIREANN

(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ AGUS  
RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020

84 Bóthar Northumberland  
Droichead na Dothra  
Baile Átha Cliath 4

Duignan Carthy O'Neill Teoranta  
Cuntasóirí Cairte  
Iniúcháirí Cláráithe

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN  
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

**FAISNÉIS FAOIN gCUIDEACHTA**

**Stiúrthóirí**

John McCafferty (Cathaoirleach)  
Ciara Breathnach  
Liam Chambers  
Sandra Collins  
Patrick Geoghegan  
David William Hayton  
Thomas Alvin Jackson  
Elva Johnston  
James Kelly (d'éirigh sé as an 10 Iúil 2020)  
Mary Ann Lyons  
Maire Mac Conghail (d'éirigh sí as an 10 Iúil 2020)  
Kate Manning  
Orlaith McBride (ceaptha an 21 Deireadh Fómhair 2020)  
Hiram Morgan  
Nicola Morris  
Thomas O'Connor (d'éirigh sé as an 10 Iúil 2020)  
Dáibhí Ó Cróinín (d'éirigh sé as an 10 Iúil 2020)  
Mary O'Dowd (d'éirigh sí as an 10 Iúil 2020)  
Jane Ohlmeyer (d'éirigh sí as an 10 Lúnasa 2020)  
Michael Willis

**Rúnaí Cuideachta**

Cathy Hayes

**Uimhir chláraithe**

414351

**Oifig cláraithe**

45 Cearnóg Mhuirfean  
Baile Átha Cliath 2

**Iniúcháirí neamhspleácha**

Duignan Carthy O'Neill Limited  
Cuntasóirí Cairte & Iniúcháirí Cláraithe  
84 Bóthar Northumberland  
Droichead na Dothra  
Baile Átha Cliath 4

**Baincéirí**

Banc na hÉireann  
Faiche Stiabhna  
Baile Átha Cliath 2

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN  
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

CLÁR ÁBHAR

	Leathanach
Ráiteas an Chathaoirligh	1-2
Tuarascáil na Stiúrthóirí	3-11
Tuarascáil na nIniúcháirí Neamhspleácha	12-14
Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais	15
Clár Comhardaithe	16
Ráiteas ar Shreafaí Airgid	17
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	18-27

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN  
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

**RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH  
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020**

Cuireann an cathaoirleach a ráiteas don tréimhse i láthair.

Ba é W. T. Cosgrave, Uachtarán na Comhairle Feidhmiúcháin, a chuir Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann (CLÉ) ar bun i mí Dheireadh Fómhair 1928. Corpraíodh an Coimisiún mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta ar an 24 Eanáir 2006.

Ó bhunú an Choimisiúin, tá sé mar phríomhchúram air bunfhoinní – idir chinn atá faoi úinéireacht phoiblí agus chinn atá faoi úinéireacht phríobháideach – a scaipeadh, a chaomhnú agus a chur chun cinn ar mhaithe le startha agus oidhreacht chultúrtha na hÉireann.

Ina Phlean Forbartha Straitéisí reatha a chuimsíonn an tréimhse 2018-2022, dhearbhaigh an Coimisiún a mhian arís comhairle a chur ar an Rialtas chun bonn eolais a chur faoin mbeartas a bhaineann le cúram agus caomhnú ábhar bunfhoinsé atá riachtanach maidir leis an aimsir atá caite in Éirinn a thuiscint agus stair na hÉireann a scríobh.

Ag tús na bliana ní fhéadfadh aon duine a thuar go mbeadh a leithéid d'éifeacht ag an bpaindéim dhomhanda COVID-19 ar an saol maireachtála agus oibre in Éirinn in 2020. Cosúil le go leor gnólachtaí agus daoine eile, bhí tionchar ag na srianta a d'fhógair an rialtas ar an 27 Márta ar fhoilsiú CLÉ agus ar an dóigh a n-oibrímid agus bhí an scéal mar sin go deireadh na bliana. Cé go raibh éifeacht láithreach acu - cuireadh moill ar Chruinniú Ginearálta Bliantúil CLÉ a bhí beartaithe don Luan an 30 Márta go dtí an 11 Bealtaine agus b'éigean dúinn go léir oibriú ón mbaile go dtí an 8 Meitheamh - bhí cur isteach níos fadtéarmaí ar thacaíocht riaracháin agus ar ghníomhaíocht foilsitheoireachta. Táim an-bhródúil gur éirigh linn ceithre fhoilseachán a sheachadadh in 2020 cé nach raibh aon seoltaí leabhar ann chun na héachtaí seo a cheiliúradh. Tá sé tábhachtach a mheabhú gur tharla cuid mhaith den méid a thuairiscím anseo agus faoin gcuid 'Gníomhaíochtaí' i gcomhthéacs oibriú le rialacháin agus le gnóthais eile a ndeachaigh an domhan athraithe ina bhfuil muid inniu i bhfeidhm orthu.

Cuireadh an tionscadal comharchumainn tábhachtach le Cartlann Náisiúnta na hÉireann (CNÉ) ar aghaidh in 2020 nuair a síníodh Meabhrán Tuisceana i mí Aibreáin, rud a chlúdaíonn Céim II den tionscadal. Tá an tionscadal bunaithe ar na hábhair a sábháladh tar éis na tine a scriosadh Oifig Taifead Poiblí na hÉireann (OTPÉ) i Meitheamh 1922. Bhí an tionscadal Beyond 2022 atá bunaithe ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath bainteach leis an Meabhrán Tuisceana freisin, agus a bhfuil CLÉ ina chroí-chomhpháirtí ann. Forluíonn cuspóirí an tionscadail CLÉ-CNÉ le haidhmeanna an tionscadail ag Coláiste na Tríonóide agus trí thionscadal Choláiste na Tríonóide a thabhairt isteach sa Mheabhrán Tuisceana maidir le hábhar 1922 is féidir tionchar níos mó a bheith ag an obair a dhéantar ag CNÉ. Ar leithligh amach is amach, agus mar chuid dá rannchuidiú croí-chomhpháirtí le Beyond 2022, chuir CLÉ ceithre eagrán déag eile ar fáil do Beyond 2022 le linn 2020. Déantar cur síos breise ar na forbairtí i ndáil leis an tionscadal CNÉ agus Beyond 2022 faoin gcuid 'Gníomhaíochtaí'.

In 2019 rinne bord CLÉ an cinneadh fócas a rannpháirtíochta poiblí is mó a athrú ó Oíche Chultúir go Féile Staire Bhaile Átha Cliath arna reáchtáil ag Leabharlann agus Cartlann Chathair Bhaile Átha Cliath. Cé go raibh sé riachtanach imeachtaí a reáchtáil ar líne mar gheall ar an bpaindéim dhomhanda, b'iniúchadh den scoth iad na láithreoireachtaí gearra físeáin a chuir CLÉ leis an gclár a bhí ann idir 7 agus 27 Meán Fómhair ar mheán nua chun cumarsáid a dhéanamh faoi eagrán CLÉ. Is féidir tuilleadh a léamh faoin bhFéile Staire sa chuid 'Gníomhaíochtaí' thíos.

Leantar le hionadaíocht CLÉ ar ghrúpa stiúrtha Acmhainn Chartlainne na hÉireann (ACÉ — [www.iar.ie](http://www.iar.ie)), ar seirbhís ar líne í atá ar fáil saor in aisce agus lena gcumasaítear cartlanna ar fud na hÉireann a dtuairiscí bailiúcháin atá i gcomhréir leis an ISAD(G) a uaslódáil ar thairseach gréasáin. Is féidir le húsáideoirí thairseach ACÉ bailiúcháin chartlainne Éireannacha a chuardach ar fud cuid mhór de thaisclanna éagsúla - rud atá cosúil leis an tseirbhís A2A sa Ríocht Aontaithe. Leantar le fás an tionchair ACÉ trína sheirbhís gréasáin, ach freisin trína chainéil sna meáin shóisialta, ach freisin trína bpacáistí acmhainní oideachais (The present duty of Irish women' (2015) agus Pledge ourselves and our people (2017) atá bunaithe go heisiach ar ábhair atá ar fáil ó na bailiúcháin atá liostaithe ina thairseach gréasáin. Le linn 2020 leanadh leis an obair chun láithreán gréasáin ACÉ

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN  
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

**RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH  
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020**

a nuashonrú agus líon na mbailiúchán a léirítear ar an tairseach a mhéadú.

Chuaigh láithreán gréasáin nua CLÉ beo go luath i mí Feabhra 2020. Cé go raibh na deacrachtaí dosheachanta tosaigh ann le rolladh amach na seirbhíse digití do ghléasanna a bhfuil éagsúlacht mhór iontu ina gcórais oibriúcháin agus ina gcumais, bhí an próiseas réidh tríd is tríd. Mar a bheifeá ag súil leis, tá cuma nua-aimseartha ar an láithreán gréasáin nua agus tá feabhas mór tagtha ar nascleanúint na seirbhísí éagsúla ar líne a thairgeann CLÉ. Socraíodh comhpháirteanna an láithreáin ghréasáin chun na tosaíochtaí dár n-úsáideoirí gréasáin a léiriú, go háirithe maidir leis an tseirbhís Eagrán Digiteach (féach ar an gcuid 'Gníomhaíochtaí' le tuilleadh faisnéise a fháil). Tá an láithreán gréasáin lánfhreagrach anois agus tá sé optamaithe chun oibriú ar ghléasanna so ghluaiste.

Tá fostaí buan amháin ag CLÉ, riarthóir an Choimisiúin, an Dr Cathy Hayes, agus ba mhaith liom mo bhuíochas ar leith a chur in iúl maidir leis an obair atá déanta aici agus lena tiomantas ó ceapadh í in 2006, agus go háirithe sa bhliain 2020. Bhí a tiomantas le linn na paindéime seo sármhaith agus is mar gheall air sin den chuid is mó go raibh leanúnachas ann sna gníomhaíochtaí foilsitheoireachta.

Tá sé dodhéanta a thomhas an méid a bhfuil CLÉ faoi chomaoin ag na seisear comhaltaí a raibh a dtéarmaí críochnaithe acu i mí Iúil 2020. Léiríonn an rannchuidiú uathu traidisiún fada na seirbhíse poiblí a bhfuil an CLÉ chomh bródúil aisti.

Mar fhocal scoir, ní mór dom an méid a scríobh mo réamhtheachtaí i dtuarascálacha roimhe seo a athrá: nach bhfaigheann comhaltaí CLÉ aon luach saothair as ranníocaíocht fíor-riachtanach, rud a fhágann gur féidir leis an gCoimisiún a shainchúram a chomhlíonadh. Coinníodh an traidisiún seirbhíse seo don scoláireacht agus don stát araon ó bunaíodh an Coimisiúin i 1928.

Name John McCafferty  
Cathaoirleach

Dáta 5 Márta 2021

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN  
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

**TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ  
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020**

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais iniúchta i láthair don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020.

**Ráiteas ar fhreagrachtaí na Stiúrthóirí**

Tá na stiúrthóirí freagrach as Tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlí agus rialachán na hÉireann.

Le dlí na gcuideachtaí atá i bhfeidhm in Éirinn, ceanglaítear ar na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais. De réir an dlí, roghnaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí 2014 agus Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 'An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann' (lena n-áirítear SORP Carthanas (FRS 102)).

De réir dhlí na gcuideachtaí, ní ceadmhach do na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh mura bhfuil siad sásta go dtugtar iontu léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na Cuideachta amháil dáta dheireadh na bliana airgeadais, ar bhrabús nó cailteanas na cuideachta don bhliain airgeadais sin agus go bhfuil siad ag cloí le hAcht na gCuideachtaí 2014 ar shlí eile.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú acu, ceanglaítear ar na stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú do ráitis airgeadais na Cuideachta agus ina dhiaidh sin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- a lua cé acu a ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme nó nár ullmhaíodh, na caighdeáin sin a aithint, agus tionchar aon imeachta ábhartha ó na caighdeáin sin, agus na cúiseanna leis an imeacht/na himeachtaí sin, a thabhairt dá n-aire; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé cuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an cuideachta de bheith i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as a áirithiú go gcoinníonn an Chuideachta, nó go gcinntíonn an Chuideachta go gcoinnítear, taifid chuntasaíochta leordhóthanacha lena mínítear agus lena dtaifeadtar idirbhearta na Cuideachta i gceart, lena gcumasaítear sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó cailteanas na Cuideachta a dhearbhu le cruinneas réasúnta tráth ar bith, lena gcuirtear ar a gcumas a áirithiú go bhfuil na ráitis airgeadais agus Tuarascáil na Stiúrthóirí ag cloí le hAcht na gCuideachtaí 2014 agus lena gcumasaítear iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus, dá réir sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Tá na stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar láithreán gréasáin na Cuideachta. Féadfaidh an reachtaíocht i bPoblacht na hÉireann a rialaíonn ullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais a bheith difriúil ón reachtaíocht i ndlínsí eile.

**Príomhghníomhaíochtaí**

Is é príomhghníomhaíocht Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann (CLÉ) bunfhoinsí lámhscríbhinne do stair agus cultúr na hÉireann a fhoilsiú i gcló agus ar líne. Ní fhoilseofaí na foinsí sin ar shlí eile mar nach bhfuil siad inmharthana ó thaobh na tráchtála de ar chor ar bith. Mar chomhlacht poiblí, gníomhaíonn CLÉ freisin mar chomhairleoir don rialtas, nuair is gá, i dtaca le hábhair a bhaineann le bunfhoinsí go ginearálta agus cuireann sé feasacht an phobail agus na n-institiúidí ar a thábhachtaí atá na foinsí sin chun cinn.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN  
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN.) DON BHLIAIN  
DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020

**Athbhreithniú Gnó**

De réir a phlean forbartha straitéisí is déanaí lean CLÉ de bheith ag obair ar a phríomhchuspóir a bhaineann le foilsiú bunfhoinisí agus le feasacht ar bhunábhair a chur chun cinn do stair, do chultúir agus d'oidhreacht na hÉireann agus a pobail, agus rochtain air sin a chur chun cinn. Le linn 2020, mhéadaigh CLÉ a chuid gníomhaíochtaí chun a thosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach mar fhoilsitheoir, mar chomhpháirtí comhoibritheach, mar shainchomhairleoir, mar thionscnóir feasachta ar an ngá le bunfhoinisí a chaomhnú agus mar thacadóir agus cleachtóir digitithe. Rinne sé é seo trí chomhoibriú leis an tionscadal Beyond 2022 a dhoimhniú, teagmháil leis an rannán Taifead Gnó ag Cartlann Náisiúnta na hÉireann, obair i dtreo bhallaíocht ORI, agus beartas a ullmhú maidir le Rochtain Oscailte.

**Forbairt Amach Anseo**

Leanfaidh CLÉ dá acmhainní a chaitheamh ar fhoilsiú bunfhoinisí lámhscríbhinní. Leanfaidh sé freisin de chaomhnú bunfhoinisí ó gach tréimhse a chur chun cinn, agus go háirithe - trí obair a Choiste Feasachta Caomhnaithe agus Rochtana - chun feasacht an phobail a ardú maidir leis an ngá le páipéir agus comhfhreagras comhaimseartha a chaomhnú; beidh na taifid seo ina mbunfhoinisí sa todhchaí do staraithe atá ag obair ar an aonú haois is fiche.

Ag teacht lena shainchúram seirbhíse poiblí, rachaidh CLÉ i ngleic le teicneolaíochtaí nua-aimseartha chun eagrán leictreonacha de liosta na saothar dá chuid a chur chun cinn agus a chur ar fáil, trína láithreán gréasáin agus trí thairseacha oiriúnacha oidhreachtacha cultúrtha náisiúnta agus Eorpacha. Cuirfear foilseacháin CLÉ nach bhfuil i gcló a thuilleadh ar fáil ar líne d'úsáideoirí, in Éirinn agus ar fud an domhain, saor in aisce trína láithreán gréasáin féin ach freisin tríd an ORI agus an stór fíorúil Beyond 2022.

Leis an bplean forbartha straitéisí cúig bliana seo cruthaítear creat soiléir don CLÉ chun a thosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach agus chun a sheirbhísí a sholáthar i gcomhréir le príomhchuspóir a Reachtaíochta, agus aird chuí á tabhairt ar ardchaighdeán rialachais agus cuntasachta do gach páirtí leasmhar CLÉ.

**Príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí**

Is ionann na príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí a théann i bhfeidhm ar Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann agus maoiniú leanúnach ón Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta (a athainmníodh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán i mí Mheán Fómhair 2020). Go dtí seo tá buiséad bliantúil faighte ag CLÉ a chuir ar a chumas a phríomh-shainchúram foilsithe a chomhlíonadh, ach is meabhrú é an cor chun donais eacnamaíoch i ndiaidh 2008, agus nach raibh maoiniú ar ais ag leibhéal roimhe, go bhfuil maoiniú leordhóthanach i mbaol i gcónaí agus go bhfuil CLÉ ag iarraidh seirbhísí a choinneáil le maoiniú atá taobh thiar de na costais iarbhrí.

**Gníomhaíochtaí**

**Foilseacháin**

I dtreo dheireadh na bliana 2020, foilsíodh dhá eagrán nua de bhunfhoinisí chomh maith leis an bpaimfléad don tríú Léacht MacNeill (a tionóladh in 2019) agus eagrán den sraithfoilseachán CLÉ *Analecta Hibernica*.

Ag an bpointe seo bhí roinnt eagrán eile ar a ndearnadh go leor oibre in 2020 ag dul i dtreo a gcríochnaithe agus táthar ag súil go mbeidh siad ar fáil in 2021. Ina measc siúd tá: na sé imleabhar atá fágtha sa tsraith 1641 Depositions; an t-eagran iontach *Mapping Ireland c. 1550-1636: a catalogue of manuscript maps of Ireland* arna cur in eagar ag Annaleigh Margey; agus *Irish religious censuses of the 1760s: Catholics and Protestants in eighteenth century Ireland* arna chur in eagar ag Brian Gurrin *et al.*

Maidir le *Mapping Ireland*, bhí scóip agus tábhacht iomlán den mhéid atá bainte amach ag an Dr. Margey níos inláimhsithe i Meitheamh 2020 nuair a d'ullmhaigh an tUasal Tom Duffy ó Cheanglóirí Leabhar Duffy catalóg shamplach faoi cheangal. Ag meáchan de 12 kg agus toisí 345 mm x 475 mm x 90 mm i gceist, thug an ceangal samplach seo deis do gach duine na luachanna táirgeachta a mheas don foilseachán suntasach a bheidh ann in 2021.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN  
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN.)  
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020

***The Act Book of the diocese of Armagh, 1518-1522***

Arna fhoilsiú ag tús mhí Dheireadh Fómhair, is marthanacht uathúil d'Éirinn é an Leabhar Gníomhartha eaglasta don chuid theas de dheoise Ard Mhacha do na blianta 1518-1522. Agus é ag clúdach argóintí pósta, gnéasacha, tiomnacha, clú agus eile na bhfear agus na mban a bhí ina gcónaí sa cheantar is ionann agus Contae Lú agus na contaetha máguaird sa lá inniu, tugann sé léargas beoga annamh ar shaol gnáthdhaoine in Éirinn go luath sa séú haois déag. Tugann an saibhreas ollmhór logainmneacha agus ainmneacha pearsanta atá caomhnaithe i ndíreach os cionn 140 iontráil leideanna tábhachtacha maidir le comhdhéanamh eitneach na Páile trí na himeachtaí i gcúirt ghnóthach mhóréilimh a shuigh i nDroichead Átha, i dTearmann Feichín agus i nDún Dealgan. Soláthraíonn an t-imleabhar seo téacs curtha in eagar den lámhscríbhinn bhunaidh Laidine mar aon le hachóimre Béarla ar gach cás. De thairbhe gur tiomsaíodh é díreach faoi bhun fiche bliain roimh bhriseadh Henry VIII leis an Róimh, is foinse lárnach é Leabhar Gníomhartha an Ardeaspag Cromer maidir le suíomh na heaglaise réamh-Reifirméisín i sochaí na hÉireann a thuiscint.

***Analecta Hibernica, Uimh. 51***

Foilsithe ag tús mhí na Samhna 2020, is é seo an ceathrú eagrán déag agus an t-eagrán deireanach den sraithfhoilseachán CLÉ atá le cur in eagar ag an Ollamh James Kelly ón Scoil Staire agus Tíreolaíochta, Campas Phádraig, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Ba mhaith liom an deis seo a thabhairt chun buíochas a ghabháil leis an Ollamh Kelly as an bhfuinneamh agus as an obair dhian a rinne sé chun *Analecta Hibernica* a thabhairt ó fhoilseachán ócáideach go foilseachán a fhoilsítear go bliantúil anois. Rinne sé é seo tráth a bhí sé ina eagarthóir freisin ar fhoilseacháin léannta eile agus é ag foilsiú a thaighde féin go gníomhach. Tá CLÉ faoi chomaoin aige as cuid dá fhuinneamh stuama a chaitheamh ar *Analecta Hibernica* agus ar go leor foilseachán CLÉ eile ar ghníomhaigh sé mar mheantóir inmheánach tionscadail dóibh. Táim ag tnúth lena rannchuidiú a cheiliúradh ar bhealach níos foirmiúla ag teacht le chéile daoine le daoine.

San áireamh in *Analecta Hibernica Uimh. 51* tá tuarascáil don Aire Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta do 2019 agus na páipéir seo a leanas: 'Violence, justice and self-interest in Elizabethan Connacht: a journal account of the Commissioners' proceedings in Galway, 1589' (arna chur in eagar ag Christopher Maginn); 'Parallel lives - a comparison between Jugurtha, king of Numidia and Hugh O'Neill, earl of Tyrone by Sir James Perrot' (arna chur in eagar ag Hiram Morgan); 'The correspondence of Ignatius Geoghegan and Richard Strange, 1784-1797' (arna chur in eagar ag Eoin Kinsella); 'Henry Joy, remarks on public charity with an account of the rise, progress and state of charitable foundations in Belfast, 1818' (arna chur in eagar ag Jim Smyth); 'The Anglo-Irish treaty: the Catholic Appeal Committee to Pope Pius XI, 10 December 1922' (arna chur in eagar ag Patrick Murray); 'Memorandum on the oath of allegiance from Monsignor John Hagan, Rector of the Irish College, Rome to Eamon de Valera, 31 May 1925' (arna chur in eagar ag Patrick Murray). Cuimsíonn an t-eagrán seo tuairisc bháis freisin d'iar-chomhaltaí CLÉ Brendan O Donoghue a fuair bás i Meán Fómhair 2019.

***Léacht Eoin MacNeill 2019: Féiniúlacht agus tógáil na síochána a chothú trí chartlanna pobail***

Bunaíodh Léacht Eoin MacNeill chun feasacht ar chartlanna agus caomhnú bunfhoinsí a chur chun cinn. Tionóladh an chéad léacht in 2012. Ceapadh an léacht fhoirmiúil seo mar dheis do scoláirí idirnáisiúnta mór le rá labhairt faoina n-eispéiris le cartlanna agus le bunfhoinsí, rud a thug deis do lucht féachana Éireannach leas a bhaint as eispéireas scoláirí agus cartlannaithe lasmuigh d'Éirinn.

Ba í an tOllamh Anne Gilliland, scoláire cáiliúil cartlann pobail iarchoinbhleachta agus Déan Comhlach le haghaidh Staidéar Faisnéise, Stiúrthóir ar Staidéar Cartlainne agus Ollamh & Stiúrthóir an Lárionaid um Fhaisnéis mar Fhianaise ag Ollscoil California Los Angeles a thug an tréimh léacht Eoin MacNeill in 2019.

Tugtar sa phaimphléad seo, a foilsíodh i mí na Nollag 2020, téacs anótáilte de léacht an Ollaimh Gilliland ar a cuid taighde eitneagrafach ar chartlanna pobail iarchoinbhleachta sa Chróit agus sa Bhoisnia agus ar na ról atá á gcomhlíonadh acu sna náisiúin nua-neamhspleácha seo ina bhfuil pobail atá roinnte go stairiúil ó thaobh eitneachta de. Beidh sé ina ábhar spéise do gach duine a bhfuil baint acu le hacmhainn na gcartlann pobail cúnamh a thabhairt do náisiúin nuabhunaithe ina gcuid iarrachtaí rialú a ghlacadh ar a n-insintí féin, agus "iarracht a dhéanamh ar bhonn áitiúil agus fíorúil chun meon an phobail a atógáil tar éis dó a bheith briste ag díláithriú, ag cinedhióthú agus ag díbirt".



COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN  
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

**TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN.)  
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020**

**1641 Depositions, Volume VI, Laois (Queen's County) and Offaly (King's County)**

Is le brón mór a dhéanann an Coimisiún taifead ar bhás phríomh-eagarthóir na sraithe Depositions 1641, an tOllamh Emeritus Aidan Clarke, ar an 18 Nollaig 2020. Chuir an tOllamh Clarke a chuid oibre i gcrích ar innéacsanna imleabhar Chorcaí chomh déanaí le mí Lúnasa 2020. Bhí sé taitneamhach a bheith ag obair leis le linn ullmhúchán na n-imleabhar éagsúil sa tsraith agus tá a stíl bheacht agus a chiall fhairsing i láthair ar fud an ábhair eagarthóireachta sna himleabhair 1641 Deposition. Ba mhaith liom comhbhrón chomhaltaí go léir CLÉ a chur in iúl anseo do theaghlach agus do chomhghleacaithe an Ollaimh Clarke.

Foilsíodh an t-imleabhar seo, an séú ceann sa tsraith, i mí na Nollag 2020. Tá ábhair choimhdeacha thábhachtacha i dteistíochtaí agus scrúduithe an dá chontae seo de phlandáil Thúdarach a chuidíonn leis an mbealach a rinne an Coimisiún um Ábhar Millte a ghnó a léiriú agus le stair luath an bhailiúcháin féin a athchruthú.

Tá an corp fianaise a bhaineann le Laois níos mó agus bunaithe níos leithne ná mar a bhí in Uíbh Fhailí, den chuid is mó toisc go raibh sé ar cheann den dá chontae lasmuigh de Bhaile Átha Cliath ar tháinig na Coimisinéirí chuige chun teistíochtaí a bhailiú, ach ag céimeanna éagsúla nochtann taifid an dá chontae, faoi dromchla na húinéireachta talún, láithreach leanúnach na bpobal lonnaitheoirí scaipthe a bhí comhdhéanta de léasóirí, idir bheag agus mhór, agus de cheardaithe a chuir lena saothrú le gabhátais bheaga. Níl aon fhianaise i gceachtar contae maidir le dúnmharuithe ar mhórsála, ach fianáidh go maith drochíde, neamhaird neamhnáireach ar théarmaí géillte agus dúnmharuithe gan ghá.

Dóibh siúd nach bhfuil eolach ar an bhfoinse, is teistiméireachtaí ó fhinnéithe iad 1641 Depositions, ó Phrotastúnaigh den chuid is mó, ach freisin ó roinnt Caitliceach, ó gach cúlra sóisialta, maidir lena n-eispéiris le héirí amach 1641 in Éirinn. Rinneadh sna teistiméireachtaí cailliúint earraí, gníomhaíocht mhíleata, agus na coireanna líomhnaithe a rinne na ceannaircigh Éireannacha a thaifeadadh. Tá an corp ábhair seo gan sárú áit ar bith san Eoraip nua-aimseartha luath agus soláthraíonn sé foinse uathúil faisnéise maidir leis na cúiseanna agus na himeachtaí a bhain le héirí amach 1641 agus faisnéis theagmhasach maidir le stair shóisialta, eacnamaíoch, chultúrtha, reiligiúnach agus pholaitiúil in Éirinn, i Sasana agus in Albain sa seachtú haois déag. San iomlán, rinneadh 19,010 leathanach lámhscríbhinne in 31 imleabhar faoi cheangal a choinnítear i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath a thras-scríobh, agus foilseoidh Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann iad in dhá imleabhar déag ar leithligh. Foilsíodh sé cinn cheana féin.

**Seoltaí in 2020**

Maidir le CLÉ, is é ceann de na tionchair is suntasaí a bhí ag na srianta a bhaineann leis an bpaindéim COVID-19 ná ár gcumas seoltaí a reáchtáil. Ní hamháin go measann CLÉ go mbíonn seoltaí leabhar mar dheis chun foilsiú eagrán a cheiliúradh agus chun buíochas a ghabháil le heagarthóirí as a gcuid oibre, ach freisin chun feachtas níos leithne a chur chun cinn maidir leis an ngá le bunfhoinsí lámhscríbhinne a chur ar fáil a d'fhéadfadh a bheith deacair teacht orthu murach sin. Leagadh béim ar an bpointe sin le bliain anuas nuair a bhí rochtain ar leabharlanna agus ar chartlanna an-teoranta ag srianta sláinte poiblí.

Agus é ag súil leis an am ina bhféadfadh imeachtaí le daoine iontu indéanta arís, tá CLÉ ag fiosrú bealaí inar féidir foilsiú eagrán a cheiliúradh ar líne, go háirithe trí fhíseáin ghearra a phostáil ina mbíonn eagarthóirí ag caint faoina n-eagrán agus faoin bhfaisnéis atá iontu agus faoin dóigh a n-úsáideann staraithe an fhoinsé agus stair á scríobh.

**Seirbhísí agus fógraíocht**

Mar a tuairiscíodh i dtuarascálacha bliantúla roimhe seo, glacann CLÉ le glaonna teileafóin agus le fiosrúcháin ríomhphoist ó gach cearn den domhan. Déantar iad sin a bhainistiú faoi théarmaí na Cairte Custaiméirí dár gcuid. Seachtar roinnt seirbhísí d'úsáideoirí ar láithreán gréasáin CLÉ; díolachán ar líne d'fhoilseacháin CLÉ; PDFanna in-íoslódáilte de shaothair dhigitithe CLÉ atá as cló; cur isteach ar líne de thograí le haghaidh foilsithe; cóip in-íoslódáilte den chatalóg fhoilseachán CLÉ is déanaí; agus tuarascálacha de chineálacha éagsúla, lena n-áirítear tuarascálacha bliantúla, pleananna forbartha straitéisí agus doiciméid bheartais.

## COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN

(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

### TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN.) DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020

Le linn 2020 mhéadaigh CLÉ a ghníomhaíocht ar na meáin shóisialta agus tá líon a chuid leantóirí ar Twitter ag fás i gcónaí. Mar chuid dá rannchuidiú le Féile Staire 2020, chuir CLÉ cainéal tiomnaithe YouTube lena asraonta meán sóisialta. Táthar ag súil go leanfaidh CLÉ sna blianta atá romhainn le dul i dteagmháil le pobail nua úsáideoirí trí na meáin shóisialta agus go bhfreagróidh sé don éileamh atá ann ar bhealaí nua chun feasacht a mhéadú ar fhoilseacháin CLÉ agus ar obair níos leithne an Choimisiúin maidir le caomhnú taifead araon.

Rinne CLÉ fógraíocht i raon leathan d'fhoilseacháin chlóite le linn 2020. Leanadh leis an bhfógraíocht i ngach eagrán den iris staire mórélímh *History Ireland*, agus freisin in *Family Directory* de chuid Fhondúireacht Staire Uladh (UHF). Cuireadh ar ceal turas bóthair ginealais UHF go SAM - áit a scaiptear bileog A4 faoi acmhainní CLÉ do staraithe teaghlaigh - leath-bhealach tríd an gcúrsa taistil beartaithe. Dáileadh an bhileog CLÉ ag cruinnithe poiblí in Chicago (IL), Madison (WI), Eabhrac (PA), Staunton (VA), Bloomington (IN) agus Richmond (VA) agus dáilfear an chuid eile ag imeachtaí atá le tosú arís in 2022. Tá na hasraonta meán seo i gcoirílár chur chun cinn foilseachán CLÉ do phobail staraithe gairmiúla agus amaitéaracha, do leabharlannaithe agus do ghinealeolaithe/staraithe teaghlaigh faoi seach. Cuireadh fógraí spriocdhírthe freisin in eagrán an fhómhair de *Senior Times* (sraith 1641 Depositions) agus *Irish Arts Review* (Ard Mhacha Meánaoiseach). Tá an-tábhacht ag baint le fógraíocht chlóite in éineacht le gníomhaíocht ar na meáin shóisialta chun foilseacháin CLÉ a chur chun cinn i measc lucht féachana seanbhunaithe agus nua in Éirinn agus thar lear.

#### 'Eagrán Dhigiteacha' CLÉ

Cuirtear eagrán CLÉ atá as cló ar fáil ar líne trí sheirbhís Eagrán Digiteach CLÉ. Le seoladh an láithreáin ghréasáin nua CLÉ i mí Feabhra chumasaigh CLÉ tuilleadh breiseanna a chur leis na teidil atá ar fáil anois le híoslódáil mar PDFanna. Tar éis dó seirbhís chun léamh ar líne a thairiscint roimhe seo maidir le hEagrán Dhigiteacha CLÉ, cuireadh deireadh leis seo i bhfabhar cóipeanna digiteacha ionas gur féidir le daoine iad a stóráil go háitiúil agus a úsáid as líne.

Measann CLÉ go bhfuil digitíú liosta na saothar dá chuid ina chuid dhílis dá shainchúram um sheirbhís poiblí chun rochtain ar bhunfhoinsí lámhscríbhinne atá caomhnaithe i gcló aige a fheabhsú agus chun feasacht ina leith sin a fheabhsú araon. De réir na meán agus na n-acmhainní atá ar fáil dó, déanann CLÉ gach iarracht chun úinéirí ceart a fhoinsíú agus a aithint maidir le hábhair uile a úsáidtear ar rannán na nEagrán Digiteach dá shuíomh gréasáin. Tugann CLÉ cuireadh d'úinéirí ceart a chreideann nár aithníodh go ceart iad ar shuíomh gréasáin CLÉ, nó a chreideann nár tugadh aird iomlán ar a gcóipcheart, teagmháil a dhéanamh le CLÉ le ríomhphost ag [support@irishmanuscripts.ie](mailto:support@irishmanuscripts.ie) nó ar theileafón ag + 353 1 676 1610.

#### An tionscadal um Leabhair Shuirbhéireachta agus Dháilte

Rinne taighdeoirí i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath obair ar an tionscadal straitéiseach CLÉ seo faoi stiúir an Ollaimh Mícheál Ó Siochrú. Cuireadh tús leis an tionscadal in 2015 agus cuireadh an obair i gcrích i mí an Mhárta 2018. Seachadfaidh an tionscadal bunachar sonraí ar líne inchuardaithe mar aon le híomhánna den leagan digitithe de na Books of Survey and Distribution (BSD) ina bhfuil 20 imleabhar, atá á gcoinneáil i gCartlann Náisiúnta na hÉireann (tacar Oifig an Chíosá Chúitigh).

Beidh an acmhainn sin ar fáil d'úsáideoirí ar fud an domhain chun cuardach saor in aisce. Cuirfidh sé leis an láithreán gréasáin Down Survey de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ([downsurvey.tcd.ie](http://downsurvey.tcd.ie)) d'fhonn rochtain a sholáthar ar 'bhunfhoinsé mhór lena mbaineann luach cruthaithe do staraithe, do ghinealeolaithe agus do shaineolaithe logainmneacha' (*Plean Forbartha Straitéisí CLÉ, 2012-2016, Ich. 14*).

I gcomhréir lena shainchúram maidir le foinsí i gcló a chaomhnú, foilseoidh CLÉ eagrán clóite il-imleabhair de théacs tras-scríofa na n-imleabhar lámhscríbhinne freisin.

Tá an tionscadal comhpháirteach sin ina eiseamláir den chomhpháirtíocht atá ar bun idir CLÉ mar fhoilsitheoir, agus mar mhaoinitheoir sa chás seo, agus gníomhairí seachtracha a bhfuil na scileanna acu a theastaíonn chun foinsí príomhúla a chur ar fáil ar ardán inchuardaithe ar líne.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN  
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

**TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN.)  
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020**

**Tionscadal na n-ábhar sábháilte ó 1922**

Cuireadh tús leis an gcomhthionscadal seo le Cartlann Náisiúnta na hÉireann (CNÉ) in 2017. Déantar scrúdú ann ar 221 beart ábhair a aisghabhadh ó Oifig na dTaifead Poiblí in Éirinn (OTPÉ) tar éis di a bheith scríosta i 1922, ach níor scrúdaíodh iad go mion roimhe seo.

Rinneadh Céim I den tionscadal seo - an measúnú caomhnaithe ar an ábhar seo - in 2017 agus in 2018. In 2020, síníodh Meabhrán Tuisceana foirmiúil idir an CLÉ, CNÉ agus an tionscadal Beyond 2022 chun na riachtanais do Chéim II den tionscadal seo a ghabháil - liostú cartlainne foirmiúil na n-ábhar sábháilte a ndearnadh measúnú orthu le linn Céim I. Nuair a bheidh sé críochnaithe, trí chaomhnú agus liostú na n-ábhar seo osclófar na gráid ábhair níos cobhsaí le taighde agus tuilleadh fiosrúcháin a dhéanamh ag staraithe. Foilseoidh CLÉ catalóg i gcrúachóip den ábhar a sábháladh chun feasacht a mhéadú tuilleadh ar an ábhar sin. Cuirfear an chatalóg ar fáil ar líne freisin.

Ócáid bharrthábhachtach i stair na hÉireann ba ea scriosadh OTPÉ i 1922. Chuir sé deireadh le sciartha suntasacha de thaifid na hÉireann agus bhí tionchar uafásach aige ar scríobh stair na hÉireann. Ar bhealaí is ionann an bhaint atá ag CLÉ leis an tionscadal seo agus an scéal ag teacht ar ais san áit ar thosaigh sé toisc gurbh é an t-imeacht uafásach seo an rud a spreag bunú Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann i 1928.

**Beyond 2022**

Mar chroí-chomhpháirtí sa tionscadal Beyond 2022, soláthraíonn CLÉ eagráin dhigiteacha agus chlóite a bheidh mar chuid de na 'bailliúcháin athsholáthair' inchuadaithe nó a chuirfidh leis an mbonn eolais níos leithne sa chartlann fhíorúil.

**Féile Staire Bhaile Átha Cliath 2020**

Ní raibh aon téama ag Féile Staire 2020 agus d'fhoilsigh CLÉ ar YouTube trí fhíseán timpeall ar theideal oibre 'After the fire: the Irish Manuscripts Commission and the writing of Irish history'. Léirigh na físeáin obair CLÉ chun na bunfhoinsí áitiúla, náisiúnta, príobháideacha agus poiblí do stair na hÉireann agus do mhuintir na hÉireann a chur ar fáil mar fhoinsí eagarthóireachta, féilirí agus liostaí - i gcló agus ar líne ar deireadh - le húsáid mar bhunús do stair na hÉireann a scríobh agus a thuiscint.

Foilsíodh an chéad ghearrscannán - Ireland's past recovered: health and wealth - ar an 7 Meán Fómhair agus bhí an Dr. Elaine Farrell (QUB), an tOllamh James Kelly (DCU) agus an Dr. Annaleigh Margey (DKIT) páirteach ann. Léirigh an rannchuidiú uathu nach mbaineann an stair le polaitíocht agus le fir mhóra amháin. Is maith le staraithe iarracht a dhéanamh saolta den am atá thart ó thrasghearradh den tsochaí a ghabháil mar a bhfuil foinsí ar fáil. Labhair siad faoi thaifid éagsúla mar bhealaí chun Éire a thuiscint mar a bhí sé do dhaoine ó gach cúlra. Áiríodh ar éagsúlacht na bhfoinsí a pléadh léarscáileanna a úsáideadh chun scéimeanna coilíneacha a phleanáil, sceitsí a úsáideadh chun tuairisciú a dhéanamh ar fheachtais mhíleata, agus forógraí a úsáidtear chun Éire a riaradh agus a rialú agus freisin cásanna dlí i gcoinne na mban a cúisíodh i náimharú sa naoú haois déag.

Seachtain ina dhiaidh sin scaoileadh an dara gearrscannán - Ireland's past recovered: families and people. Bhí an tOllamh Jane Ohlmeyer (TCD), an Dr. David Fleming (UL) agus Nicola Morris Uasal (Timeline Research) páirteach ann. Léiríodh ann go mbaineann an stair le daoine ón am a chuaigh thart, a saolta agus a n-eispéireas, agus léirigh na taighdeoirí seo conas is féidir linn scéalta dhaoine aonair, a gcuid tionscnaíochta, a gcuid mí-áthais agus imeachtaí ó na céadta roimhe seo a aisghabháil. Ag baint úsáide as rianta a saolta a fágadh i gcláir, uachtanna agus tuairisceáin daonáirimh, mar aon le taifid ar úinéireacht talún agus tuairiscí ar chailteanais in éirithe amach, léirigh na staraithe seo an chaoi a n-úsáidtear na cineálacha taifid seo chun an t-am atá thart a athchruthú agus chun ár dtuiscint ar an saol mar a bhí sé a fheabhsú.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN  
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

**TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN.)  
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020**

Foilsíodh an físeán deiridh ar an 18 Meán Fómhair. Dar teideal 'Ireland's past published - over 90 years of IMC publishing' bhí rannchuidiú ann ón gcaomhnóir Zoe Reid (CNÉ), ón Ollamh Elva Johnston (UCD) agus ó Chathaoirleach CLÉ, an tOllamh John McCafferty (UCD). Dhírigh an gearrscannán seo ar obair luath CLÉ sna 1930í agus sna 1940í chun na bunfhoinní maidir le stair na hÉireann agus muintir na hÉireann a aisghabháil agus a chur ar fáil, go háirithe na macasamhlacha collchló i bhformáid mhóra de lámhscríbhinní meánaoiseacha na hÉireann. Breathnaíodh ann freisin ar an obair dhian a rinne glúnta staraithe ó 1928 agus iad ag iarraidh fianaise dhoiciméadach ar am atá thart in Éirinn a thabhairt do lucht féachana an lae inniu atá ag síorathrú. Agus é seo á thabhairt go dtí an lá inniu le híomhánna iontacha ón gcomhthionscadal CLÉ-CNÉ chun na 221 beart a aisghabhadh ó scriosadh na gCeithre Chúirt i 1922 a chaomhnú agus a liostú, ar imeacht é a mhúnlaigh stair na hÉireann ach a spreag bunú CLÉ freisin sé bliana ina dhiaidh sin.

Is fo-iarmhairt spéisiúil í fad saoil na formáide físeáin ó tharla gur gá bogadh ar líne chun an chéad rannchuidiú uainn leis an bhFéile Staire a dhéanamh, ach ba chuar foghlama an-dearfach í agus tá níos mó gearrscannán beartaithe le haghaidh foilseachán nua agus le haghaidh imeachtaí eile a bheidh os comhair an phobail.

**Foireann**

Tá fostaí buan amháin ag an gCoimisiún, an Dr. Cathy Hayes, Riarthóir, a ceapadh i mí Iúil 2006. Soláthraíonn Judith O'Brien Uasal agus Sarah Storey Uasal cúnamh riaracháin ar bhonn conartha le haghaidh seirbhíse.

**Luach Saothair na Foirne CLÉ**

Le tuairisciú airgeadais faoi láthair éilítear go ndéanaimid líon na mball foirne buan a thuilleann *breis agus* €60,000 in aghaidh na bliana a liostú inár gcuntais. Breacaimid síos gach leibhéal tuarastail thíos ar mhaithe le trédhearcacht.

Le linn 2020 bhí fostaí amháin ag CLÉ atá fostaite ar bhonn buan lánaimseartha. Rinneadh an tuarastal seo a reo ó 2009 go dtí 2018 agus in Eanáir 2019 méadaíodh é de réir na méaduithe a thuariscigh an Banc Ceannais agus comhlachtaí eile. D'fhostaigh CLÉ beirt freisin ar bhonn conartha le haghaidh seirbhíse le haghaidh cúnamh riaracháin.

Maidir le tuarastail, is é seo a leanas miondealú na dtuarastal in 2020:

Tuarastal idir €60,000 - €70,000 in aghaidh na bliana: 1 dhuine
Tuarastal idir €50,000 - €60,000 in aghaidh na bliana: 0 dhuine
Tuarastal idir €40,000 - €50,000 in aghaidh na bliana: 1 dhuine*
Tuarastal idir €30,000 - €40,000 in aghaidh na bliana: 1 dhuine*
Tuarastal idir €20,000 - €30,000 in aghaidh na bliana: 0 dhuine
*bunaithe ar thuarastal bliantúil pro-rata coibhéiseach d'fhostaithe faoi chonradh seirbhíse

**Sláinte agus sábháilteacht fostaite**

Déantar folláine fhostaithe na cuideachta a chosaint trí chlof le caighdeáin sláinte agus sábháilteachta. Cuireann an reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta ceanglais áirithe ar fhostóirí agus rinne an chuideachta na bearta is gá chun a áirithiú go gcomhlíontar an reachtaíocht, lena n-áirítear Ráiteas Sábháilteachta a ghlacadh.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN  
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

**TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN.)  
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020**

**COVID-19**

Rinneadh sláinte agus sábháilteacht na bhfostaithe agus na gcuariteoirí ar CLÉ le linn na paidéime COVID-19 a bhainistiú faoin 'Treochlár CLÉ le filladh ar obair ar an láthair' rud a bhí bunaithe ar mholtaí i ndoiciméad Rialtas na hÉireann 'Return to Work Safely Protocol - COVID-19 Specific National Protocol for Employers and Workers'.

Rinneadh bainistíocht ar fhilleadh fisiceach ar an obair faoi Phlean Freagartha COVID-19 CLÉ agus ceanglaíodh ar dhuine ar bith a d'fhill ar Chearnóg Mhuirfean foirm um Fhilleadh ar Obair a chomhlánú roimh ré.

**Airgeadas**

Mar a bhí an cás i mblianta roimhe seo, ba mhian le CLÉ aitheantas a thabhairt i dtaca leis an maoiniú a fuair sé in 2020 ón Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, a athainmníodh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán i mí Mheán Fómhair. Gan an deontas a sholáthraíonn an Roinn, ní fhéadfadh CLÉ a shainchúram a chomhlíonadh. Tá an maoiniú bliantúil seo mar bhonn agus thaca ag clár foilseacháin CLÉ. Cé gur laghdaíodh an deontas bliantúil le blianta beaga anuas, tá sé tábhachtach machnamh a dhéanamh ar é a thabhairt ar ais ag na leibhéil a bhí ann roimhe de réir mar a tharlaíonn téarnamh geilleagrach agus de réir mar a mhéadaíonn costais chun a shainchúram a chomhlíonadh.

**Cistí cobhsaíochta gnó COVID-19**

I mí Lúnasa 2020 fuair CLÉ dearbhú maidir le hÍocaíocht aonuaire breise óna roinn maoinithe. Fuair CLÉ €62,500 i mí Dheireadh Fómhair 2020 trí chúnamh a thabhairt le buiséad priontála, cobhsú gnó agus athrannpháirtíocht lucht féachana i gcomhthéacs COVID-19. Ag a chruinniú ar an 23 Samhain 2020, chomhaontaigh an bord na cistí seo a chur in áirithe i gcoinne priontáil *Mapping Ireland, c. 1550-1636* agus sraith Calendar of Papal Registers a chur i gcrích.

**An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán**

Ba mhaith le CLÉ aitheantas a thabhairt anseo freisin do chomhaltaí Aonad na nInstitiúidí Cultúrtha a rinne idirchaidreamh le CLÉ thar ceann na Roinne in 2020, go háirithe an tUasal John Kennedy agus an tUasal Colm Lundberg. Táimid ag tnúth le leanúint le hobair a dhéanamh leis an Roinn d'fhonn sainchúram CLÉ a chomhlíonadh mar fhoilsitheoir bunfhoinsí do startha agus do chultúir na hÉireann agus chun suíomh CLÉ a fhorbairt mar nasc tábhachtach idir pobal na hoidhreacht cultúrtha agus an pobal níos leithne de thaighdeoirí na ndaonnachtaí.

**Rialachas**

Leanann Stiúrthóirí/Comhaltaí CLÉ an treoir do stiúrthóirí cuideachta, rúnaithe cuideachtaí agus comhaltaí a chuirtear ar fáil sna leabhair faisnéise arna dtáirgeadh ag Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Déanann Bord CLÉ a dhícheall chun seachadadh seirbhíse ar ardchaighdeán a áirithiú agus leanann sé an cleachtas um dhea-rialachas mar atá leagtha amach sa Chód Rialachais, is é sin cód cleachtais deonach do charthanais.

**Cruinnithe**

In 2020, bhuail Bord Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann le chéile ar sheacht ócáid, is é sin cúig huair mar stiúrthóirí le haghaidh gnáthchruinnithe gnó agus uair amháin mar chomhaltaí don Chruinniú Ginearálta Bliana. Níor tionóladh ach ceann amháin de na cruinnithe seo (a tionóladh an 20 Eanáir 2020) mar chruinniú fisiceach in oifig CLÉ ar Chearnóg Mhuirfean. Tionóladh na cruinnithe go léir a bhí fágtha agus an Cruinniú Ginearálta Bliantúil ar líne ag baint úsáide as ardán cruinnithe fíorúil Zoom.

**Iniúchadh Neamhspleách**

Déantar iniúchadh neamhspleách ar CLÉ gach bliain. Ullmhaítear cuntais ag baint úsáide as creat tuairiscithe SORP Carthanais chun trédhearcacht iomlán a fháil. Glacadh le cuntais iniúchta ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil a tionóladh ar an 11 Bealtaine 2020 agus taisceadh iad leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí ina dhiaidh sin.

**TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN.)**

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN  
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020**

**Comhaltas**

Tháinig ceapacháin seisear comhaltaí an Choimisiúin chun deiridh ar an 10 Iúil 2020. Is iad na comhaltaí a d'éirigh as James Kelly, Maire Mac Conghail, Thomas O'Connor, Daibhí Ó Cróinín, Mary O'Dowd and Jane Ohlmeyer. Is mór an chailliúint de shaineolas iad na comhghleacaithe luachmhara seo agus cuireadh tús le bearta i mí Lúnasa chun na bearnaí a dhúnadh a fágadh nuair a d'imigh siad tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. I mí Dheireadh Fómhair cheap an tAire Catherine Martin, TD, Stiúrthóir nua Chartlann Náisiúnta na hÉireann, Orlaith McBride Uas., go foirmiúil ar an gCoimisiún. Is comhalta *ex-officio* den Choimisiún é stiúrthóir CNÉ.

**Caihteáin i ndearbhuithe oifige poiblí**

Cuireann gach comhalta CLÉ dearbhuithe um Chaihteáin i nOifig Phoiblí isteach maidir le haon bhliain nó aon chuid de bhliain ina raibh siad ar bhord CLÉ.

**Taighde agus Forbairt**

Níor tabhaíodh aon chostais taighde agus forbartha sa bhliain.

**Teagmhais Iarchláir Chomhardaithe**

Níorbh ann d'aon teagmhais shuntasacha a chuaigh i bhfeidhm ar an gcuideachta ó dheireadh na bliana agus níl aon athruithe suntasacha beartaithe ag na stiúrthóirí maidir le nádúr an ghnó.

**Ranníocaíochtaí Polaitíochta**

Níor thug an chuideachta aon síntiúis pholaitíochta sa bhliain.

**Taifid Chuntasáochta**

Is iad na bearta a rinne na stiúrthóirí chun a chinntiú go bhfuiltear ag comhlíonadh cheanglais ailt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí 2014 maidir le taifid chuntasáochta leordhóthanacha ná beartais agus nósanna imeachta riachtanacha a chur chun feidhme le haghaidh idirbhearta a thaifeadh, pearsanra inniúil cuntasáochta a bhfuil saineolas cuí aige a fhostú agus dóthain acmhainní a sholáthar don fheidhm airgeadais. Coinnítear na taifid chuntasáochta ag 45 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

**Ráiteas faoi fhaisnéis ábhartha iniúcháireachta**

Dheimhnigh gach duine díobh sin a bhí ina stiúrthóirí nuair a faomhadh Tuarascáil na Stiúrthóirí:

- nach bhfuil aon fhaisnéis ábhartha iniúcháireachta ann, de réir eolas an stiúrthóra, nach bhfuil iniúcháirí na Cuideachta ar an eolas fúithi, agus
- gur ghlac an stiúrthóir gach céim ba chóir a bheith glactha mar stiúrthóir d'fhonn a bheith ar an eolas faoi aon fhaisnéis iniúchta ábhartha agus chun a dhearbhu go bhfuil iniúcháirí na Cuideachta ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

**Iniúcháirí**

De réir Alt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014, chuir na hiniúcháirí, Duignan Carthy O'Neill Teoranta, Cuntasóirí Cairte, in iúl go bhfuil siad toilteanach leanúint in oifig.

**Thar ceann an Bhoird**

John McCafferty (Cathaoirleach)  
Stiúrthóir

Orlaith McBride  
Stiúrthóir

Dáta: 5 Márta 2021

**COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN**  
**(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)**

**TUARASCÁIL NA NINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA**  
**DO CHOMHALTAÍ CHOIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN**

**Tuarascáil faoi iniúchadh na ráiteas airgeadais**

**Tuairim**

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann (an 'Cuideachta') don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020, a chuimsíonn an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais, lena n-áirítear achoimre ar na beartais shuntasacha chuntasaíochta. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a úsáideadh le linn ullmhú na ráiteas ná Dlí na hÉireann agus an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 'An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann'.

Is é ár dtuairim maidir leis na ráitis airgeadais atá i gcuideachta:

- go dtugtar léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na Cuideachta amhail an 31 Nollaig 2020 agus ar a barrachas don bhliain dar críoch an dáta sin;
- gur ullmhaíodh i gceart iad de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 'An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann'; agus
- gur ullmhaíodh i gceart iad de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí 2014.

**Bonn na tuairime**

Chuireamar ár n-iniúchadh i gcrích de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (Éire) (ISAs (Éire)) agus de réir an dlí infheidhmithe. Cuirtear síos tuilleadh ar ár gcuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin sa chuid 'Freagrachtaí na nIniúchóirí as iniúchadh na ráiteas airgeadais' dár dtuarascáil. Táimid neamhspleách ar an gcuideachta de réir na riachtanas eiticíúil atá ábhartha d'ár n-iniúchadh ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticíúil a eisítear ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), agus tá ár gcuid freagrachtaí eiticíúla eile comhlíonta againn de réir na riachtanas seo.

Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchta atá faighte againn imleor agus iomchuí chun bonn a sholáthar dár dtuairim.

**Cinntí a bhaineann le Gnóthas Leantach**

Agus na ráitis airgeadais á n-iniúchadh againn, bhaineamar de thátaí as go bhfuil úsáid na stiúrthóirí den bhonn gnóthais leantaigh cuntasaíochta iomchuí agus iad ag ullmhú na ráiteas airgeadais.

Bunaithe ar an obair a rinneamar, níor shainníomar aon neamhchinnteachtaí ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh, ina n-aonair nó i dteannta a chéile, amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach go ceann tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón uair a dhéanfar na ráitis airgeadais a údarú lena n-eisiúint.

Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí maidir le gnóthas leantach sna codanna ábhartha den tuarascáil seo.

**Faisnéis eile**

Tá na stiúrthóirí freagrach as an bhfaisnéis eile. Cuimsíonn an fhaisnéis eile an fhaisnéis atá le fáil sa Tuarascáil Bhliantúil, seachas na ráitis airgeadais agus tuarascáil ár nIniúchóirí ina leith sin. Ní chlúdaíonn ár dtuairim faoi na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, seachas sa mhéid sin a dhearbhaítear go sonrach inár dtuarascáil, ní chuirimid in iúl aon chineál de thátaí ráthaíochta faoi sin.

Is í an fhreagracht atá againn ná an fhaisnéis eile a léamh agus le linn dúinn sin a dhéanamh, breithniú a dhéanamh an bhfuil an fhaisnéis eile comhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuair eamar san iniúchadh nó má fheictear dúinn go ndearnadh míráiteas faoi go hábhartha seachas sin. Má aimsimid a leithéid de neamh-chomhsheasmhachtaí nó míráitis ábhartha follasacha, tá dualgas orainn a chinneadh cibé acu an bhfuil míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó míráiteas ábhartha den fhaisnéis eile. Más é an tatal a bhainimid as, bunaithe ar an obair atá curtha i gcrích againn, gurb ann do mhíráiteas ábhartha na faisnéise eile seo, tá dualgas orainn tuairisc a thabhairt faoi sin.

**COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN**  
**(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)**

**TUARASCÁIL NA NINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA**  
**DO CHOMHALTAÍ CHOIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN (AR LEAN.)**

Níl aon rud le tuairisciú againn sa chomhthéacs seo.

**Tuairim faoi nithe eile atá forordaithe ag Acht na gCuideachtaí 2014**

Bunaithe ar an obair ar tugadh fúithi le linn an iniúchta, agus ar an obair sin amháin, tuairiscímid an méid seo:

- go bhfuil muid den tuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil na Stiúrthóirí comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais; agus
- go bhfuil muid den tuairim gur ullmhaíodh Tuarascáil na Stiúrthóirí de réir na gceanglas dlí is infheidhme.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasaimid a bheith riachtanach d'aidhmeanna ár n-iniúchta faighte againn.

Is é ár dtuairim gur leor iad taifid chuntasaíochta na Cuideachta chun iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais go héasca agus go ceart, agus go bhfuil na ráitis airgeadais ag réiteach leis na taifid chuntasaíochta.

**Ábhair a cheanglaítear orainn a thuairisciú trí eisceacht**

Bunaithe ar an eolas agus ar an tuiscint faoin gCuideachta agus faoina timpeallacht a fuarthas le linn an iniúchta, níor aimsíomar aon mhírítis ábhartha i dTuarascáil na Stiúrthóirí.

Is trí Acht na gCuideachtaí 2014 a cheanglaítear orainn tuairisciú duit má tharlaíonn sé, inár dtuairim, nach ndearnadh an nochtadh i leith luach saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí mar a éilítear in ailt 305 go 312 den Acht. Níl aon rud le tuairisciú againn sa chomhthéacs seo.

**Freagrachtaí agus srianta faoi leith ar úsáid**

**Freagrachtaí na stiúrthóirí**

Faoi mar a mhínítear ar shlí níos iomláine i Ráiteas Freagrachtaí na Stiúrthóirí ar leathanach 3, tá na stiúrthóirí freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais agus as a bheith sásta go dtugann siad léargas fíor cothrom, agus as a leithéid de rialú inmheánach is a mheasann na stiúrthóirí a bheith riachtanach chun ullmhú ráiteas airgeadais a cheadú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cé acu mar gheall ar chalaíocht nó earráid.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu, tá na stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, ag nochtadh, de réir mar atá infheidhmithe, nithe a bhaineann leis an ngnóthas leantach agus ag úsáid bhonn ghnóthais leantaigh na cuntasaíochta ach amháin má tá sé i gceist ag an lucht bainistíochta cé acu an Chuideachta a leachtú, sin nó éirí as a bheith i mbun oibríochtaí, nó mura bhfuil aon rogha réadúil acu seachas a leithéid a dhéanamh.

**Freagrachtaí na nIniúcháirí as iniúchadh na ráiteas airgeadais**

Is iad ár gcuid cuspóirí ná ráthaíocht réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha, cé acu mar gheall ar chalaíocht nó earráid, agus Tuarascáil Iniúcháirí a eisiúint a bhfuil ár dtuairim mar chuid di. Is leibhéal ard gealltanais é gealltanais réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir ISAnna (Éire) míráiteas ábhartha i gcónaí sa chás go bhfuil a leithéid de rud ann. Féadfaidh míráitis a eascairt as calaíocht nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha, ina n-aonair nó trí chéile, dá bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tá cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais le fáil ar láithreán gréasáin an IAASA ag: <https://www.iaasa.ie/Publications/Auditing-standards>. Tá an cur síos seo mar chuid de Thuarascáil na nIniúcháirí uainn.




**COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN  
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)**

**TUARASCÁIL NA NINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA  
DO CHOMHALTAÍ CHOIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN (AR LEAN.)**

**Cuspóir ár n-oibre iniúchta agus cé a bhfuil freagrachtaí dlite againn ina leith**

Déantar an tuarascáil seo do chomhaltaí na Cuideachta amháin, mar chomhlachas, de réir Alt 391 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Rinneadh ár n-obair iniúchta ionas gur féidir linn na nithe sin a chur in iúl do chomhaltaí na Cuideachta nach mór dúinn a chur in iúl dóibh i dTuarascáil na nIniúcháir agus ar an gcúis sin amháin. Sa mhéid a cheadaítear leis an dlí, ní ghlacaimid ná ní ghlacaimid le freagracht ar aon duine seachas an Chuideachta agus comhaltaí na Cuideachta, mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchta, le haghaidh na tuarascála seo, nó maidir leis na tuairimí atá againn.



Elizabeth Murphy

Thar ceann  
**Duignan Carthy O'Neill Limited**

Cuntasóirí Cairte & Iniúcháirí Cláraithe

84 Bóthar Northumberland  
Droichead na Dothra  
Baile Átha Cliath 4

5 Márta 2021

**COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN**  
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

**RÁITEAS AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ AIRGEADAIS (LENA N-ÁIRÍTEAR IONCAM & CAITEACHAS)  
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020**

	2020			2019			
	Teoranta	Gan	Iomlán Cistí	Teoranta	Gan	Iomlán Cistí	
	Cistí	teorainn		Cistí	teorainn		
€	€	€	€	€	€		
<b>Ioncam ó:</b>							
Deontais mhaoinithe ioncaim	6	297,500	-	297,500	235,000	2,716	237,716
Gníomhaíochtaí eile		20,140	-	20,140	19,943	-	19,943
Gníomhaíochtaí carthanacha		-	-	-	-	-	-
Seirbhísí cíosa neamhairgid		39,748	-	39,748	41,088	-	41,088
Ilghnéitheach			-	-	40	-	40
<b>Ioncam Iomlán</b>		<b>357,388</b>	-	<b>357,388</b>	<b>296,071</b>	<b>2,716</b>	<b>298,787</b>
<b>Caiteachas ar:</b>							
Costais Riaracháin		(66,895)	-	(66,895)	(70,407)	-	(70,407)
Costais Eagarthóireachta agus Foilsithe		(59,957)	-	(59,957)	(65,215)	-	(65,215)
Costais Oifige		(29,981)	-	(29,981)	(34,460)	-	(34,460)
Tionscadail Speisialta		(78,095)	-	(78,095)	(24,762)	(2,716)	(27,478)
Costas díolachán		(57,513)	-	(57,513)	(58,827)	-	(58,827)
Seirbhísí cíosa neamhairgid		(39,748)	-	(39,748)	(41,088)	-	(41,088)
<b>Caiteachas Iomlán</b>		<b>(332,189)</b>	-	<b>(332,189)</b>	<b>{294,759}</b>	<b>(2,716)</b>	<b>(297,475)</b>
<b>Oibriúcháin ioncam/(caiteachas)</b>		<b>25,199</b>	-	<b>25,199</b>	<b>1,312</b>	-	<b>1,312</b>
Ús iníochta		-	-	-	-	-	-
Ús tuillte		-	-	-	-	-	-
<b>Glanioncam/(Glancaiteachas)</b>		<b>25,199</b>	-	<b>25,199</b>	<b>1,312</b>	-	<b>1,312</b>
Aistriú idir cistí			-				
Glanghluaiseacht i gcistí		25,199	-	25,199	1,312		1,312
<b>Réiteach cistí:</b>							
Cistí iomlána tugtha ar aghaidh		46,837	-	46,837	45,525	-	45,525
Ranníocaíocht chaipitil	14	154,831	-	154,831	154,831	-	154,831
<b>Cistí iomlána tugtha ar aghaidh</b>		<b>226,867</b>	-	<b>226,867</b>	<b>201,668</b>	-	<b>201,668</b>

Gach gníomhaíocht a bhaineann le hoibríochtaí leanúnacha.

Tá na nótaí ar leathanaigh 18-27 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

**COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN**  
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

**CLÁR COMHARDAITHE**  
**AG AN 31 NOLLAIG 2020**

	Nóta	2020 €	2019 €
<b>Sócmhainní seasta</b>			
Sócmhainní doláimhsithe	7	9,502	8,339
Sócmhainní inláimhsithe	8	3,781	4,720
		<u>13,283</u>	<u>13,059</u>
<b>Sócmhainní reatha</b>			
Stoic	9	11,520	16,341
Féichiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin	10	7,710	13,904
Airgead sa bhanc agus ar láimh	11	208,458	178,931
		<u>227,688</u>	<u>209,176</u>
Creidiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin	12	(14,104)	(20,567)
		<u>213,584</u>	<u>188,609</u>
<b>Glansócmhainní Reatha</b>		<u>213,584</u>	<u>188,609</u>
<b>Iomlán na sócmhainní lúide dliteanais reatha</b>		<u>226,867</u>	<u>201,668</u>
<b>Glansócmhainní</b>		<u>226,867</u>	<u>201,668</u>
<b>Caipiteal agus cúlchistí</b>			
Ranníocaíocht Chaipitil		154,831	154,831
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		72,036	46,837
<b>Cistí na gcomhaltaí</b>		<u>226,867</u>	<u>201,668</u>

D'fhaomh an bord na ráitis airgeadais agus rinneadh an bord iad a údarú lena n-eisiúint:

**John McCafferty (Cathaoirleach)**  
Stiúrthóir

**Orlaith McBride**  
Stiúrthóir

Dáta: 5 Márta 2021

Tá na nótaí ar leathanaigh 18-27 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

**COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN**  
**(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)**

RÁITEAS AR SHREAFÁÍ AIRGID  
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020

	2020	2019
	€	€
<b>Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>		
Barrachas don bhliain airgeadais	25,199	1,312
<b>Coigeartuithe do na rudaí seo:</b>		
Amúchadh sócmhainní inláimhsithe	1,287	2,085
Dímheas sócmhainní inláimhsithe	2,817	2,441
Laghdú/(méadú) i stoic	4,821	(834)
Laghdú/(méadú) i bhféichiúnaithe	6,194	(3,413)
(Laghdú)/méadú i gcreidiúnaithe	(6,463)	1,604
<b>Glanairgead tirim ginte ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>	<b>33,855</b>	<b>3,195</b>
<b>Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta</b>		
Ceannach sócmhainní seasta doláimhsithe	(2,450)	(10,424)
Ceannach sócmhainní seasta inláimhsithe	(1,878)	-
<b>Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí infheistíochta</b>	<b>(4,328)</b>	<b>(10,424)</b>
<b>Glanmhéadú/(Glanlaghdú) in airgead tirim agus i gcoibhéisí airgid thirim</b>	<b>29,527</b>	<b>(7,229)</b>
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag tús na bliana	178,931	186,160
<b>Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh na bliana</b>	<b>208,458</b>	<b>178,931</b>
<b>Cuimsíonn airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh na bliana:</b>		
Airgead sa bhanc agus ar láimh	208,458	178,931
	<b>208,458</b>	<b>178,931</b>

Tá na nótaí ar leathanaigh 18-27 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

**COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN**  
**(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)**

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS**  
**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020**

**1. Faisnéis ghinearálta**

Is éard atá sna ráitis airgeadais seo a chuimsíonn an Ráiteas ar ghníomhaíochtaí airgeadais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar shreafaí airgid agus na nótaí bainteacha ráitis airgeadais aonair Choimisiúin Lámhscríbhinní na hÉireann don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020.

Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta é Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann, atá ionchorpraithe i bPoblacht na hÉireann. Rinneadh an chuideachta a ionchorprú in Éirinn ar an 24 Eanáir 2006. Is í 414351 uimhir chláraithe na cuideachta agus tá a hoifig cláraithe suite ag 45 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2. Tá cineál oibríochtaí na cuideachta agus a príomhghníomhaíochtaí leagtha amach i dTuarascáil na Stiúrthóirí.

**2. Beartais chuntasaíochta**

**2.1 Bonn ullmhúcháin na ráiteas airgeadais**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann agus reacht na hÉireann lena gcuimsítear Acht na gCuideachtaí 2014.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais in Euro arb é airgeadra feidhmiúil na cuideachta é.

Tá Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann comhdhéanta faoi dhlí cuideachtaí na hÉireann mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta agus is carthanas cláraithe é agus tá a fheidhmíocht glactha agus tuairiscithe aige de réir na formáide dá bhforáiltear i SORP Carthanas agus tuairiscíonn sé go háirithe a fheidhmíocht don bhliain airgeadais i formáid Ráiteas Gníomhaíochtaí Airgeadais (SOFA) de chuid SORP.

Tháinig Acht na gCuideachtaí 2014 i bhfeidhm sa dlí ar an 1 Meitheamh 2015, agus ón dáta sin cuireadh formáid agus ábhar na gceanglas maidir le ráitis airgeadais atá iomchuí do chuideachta atá ag trádáil chun brabús a comhaltaí a dhéanamh i bhfeidhm ar chuideachta atá ina heagraíocht sheachbhrabúsach. D'fhonn faisnéis a sholáthar atá ábhartha chun maoirseacht na stiúrthóirí agus feidhmíocht agus staid airgeadais an charthanais a thuiscint, d'ullmhaigh Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann a ráitis airgeadais de réir na bhformáidí dá bhforáiltear i SORP Carthanas (FRS 102).

Measann na stiúrthóirí gurb é glacadh le riachtanais SORP an chuntasaíocht is iomchuí chun gníomhaíochtaí na heagraíochta a léiriú agus a nochtadh i gceart. Dá mbeadh formáid Acht na gCuideachtaí agus ábhar na gceanglas maidir le ráitis airgeadais a bheadh oiriúnach do chuideachta atá ag trádáil ar mhaithe le brabús a cuid comhaltaí curtha i láthair ina ionad sin, dhéanfaí cuntas brabúis agus cailleanais a thuairisciú le nótaí gaolmhara a thaispeánann míreanna amhail Láimhdeachas agus Costas Díolacháin mar aon le a "brabús" ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas.

Cuireadh na príomhbheartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm:

**2.2 Ioncam**

Luaitear ioncam glan ó lascaí trádála agus lacáistí méid agus díorthaíonn sé ó dhíolachán leabhar a thagann faoi ghnáthghníomhaíochtaí na cuideachta. Aithnítear ioncam ó dhíolachán leabhar nuair a aistríonn an chuideachta na rioscaí agus na luaíochtaí suntasacha úinéireachta sna hearraí, rud a tharlaíonn de ghnáth nuair a sheachadtar na leabhair go fisiciúil chuig a gceannaitheoir.



**COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN**  
**(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)**

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS**  
**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020**

**2. Beartais chuntasaíochta (ar lean.)**

**2.8 Stoc**

Luacháiltear stoic leabhair ar a gcostas nó a nglanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Toisc gur sa chéad dá bhliain tar éis a dháta foilsithe a dhíoltar formhór na gcóipeanna de leabhar, tá na stiúrthóirí den tuairim nár cheart ach leabhair a foilsíodh laistigh de dhá bhliain ó dheireadh na bliana a chur a áireamh i luach an stoic. Rinneadh soláthar i gcoinne an chuid eile de stoic leabhair mar stoic mhallghluaisteacha nó stoic as feidhm.

**2.9 Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim**

Léirítear airgead tirim le hairgead ar láimh agus tascí le hinstiúidí airgeadais inaisíochta gan phionós ar fhógra nach faide ná 24 uair an chloig. Is ionann coibhéisí airgid thirim agus infheistíochtaí an-leachtacha a aibíonn laistigh de thrí mhí ar a mhéad ó dháta na fála agus atá inathraithe go héasca go méideanna aitheanta airgid le riosca neamhshuntasach maidir le hathrú ar an luach.

Sa Ráiteas faoi Shreafaí Airgid Thirim, taispeántar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim glan ó rótharraingtí bainc atá inaisíochta ar éileamh agus atá mar chuid lárnach de bhainistíocht airgid na Cuideachta.

**2.10 Creidiúnaithe**

Tomhaistear creidiúnaithe gearrthéarmacha ag praghas an idirbhirt. Déantar dliteanais airgeadais eile, iasachtaí bainc san áireamh, a thomhas ar dtús ag luach cóir, glan ó chostais idirbhirt, agus déantar iad a thomhas ina dhiaidh sin ar chostas amúchta ag baint úsáide as an modh úis éifeachtach.

**2.11 Seirbhísí Cíos**

Tá cead ag Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann an foirgneamh ag 45 Cearnóg Mhuirfean a úsáid. Ní ghearrann úinéir an fhoirgnimh aon chíos ar an gcuideachta, áfach. Ós rud é gur seirbhís bhronnta a sholáthraítear don chuideachta í sin, measann na stiúrthóirí go bhfuil sé riachtanach an tseirbhís bhronnta a aithint sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Chuir siad muirear comhfhreagrach cíosa ar áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais freisin.

Muirearaítear an cíos ag luach margaidh an mhargaidh cíosa i mBaile Átha Cliath 2 le haghaidh maoin den mhéid chéanna.

**2.12 Cáin**

Tá an chuideachta díolmhaithe ó cháin de bharr a stádais charthanais (Uimhir cánach carthanais: 17206).

**2.13 Deontais Rialtais**

Aithnítear deontais ag baint úsáide as an tsamhail feidhmíochta nuair a bhíonn dearbhú réasúnach ann go bhfaighfear an deontas agus go gcomhlíonfar na coinníollacha uile a ghabhann leis. Scaoiltear deontais i leith caiteachais chaipitiúil chuig an gcuntas ioncaim agus cailteanais thar shaolré úsáideach ionchasach na sócmhainní. Scaoiltear deontais i leith caiteachais ioncaim chuig an gcuntas ioncaim agus cailteanais de réir mar a thabhaítear an caiteachas gaolmhar.

**COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN**  
**(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)**

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS**  
**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020**

**2. Beartais chuntasaíochta (ar lean.)**

**2.14 Ionstraimí airgeadais**

Ní dhéanann an Chuideachta ach idirbhearta bunúsacha ionstraime airgeadais as a n-aithnítear sócmhainní agus dliteanais airgeadais amhail trádáil agus féichiúnaithe agus creidiúnaithe eile, iasachtaí ó bhainc agus ó thríú páirtithe eile, iasachtaí do pháirtithe gaolmhara agus infheistíochtaí i ngnáthscaireanna.

Déantar ionstraimí fiachais (seachas iad siúd atá go hiomlán inaisíochta nó infhaighte laistigh de bhliain), lena n-áirítear iasachtaí agus cuntais eile infhaighte agus iníochta, a thomhas ar dtús ag luach reatha na sreafaí airgid amach anseo agus ina dhiaidh sin ag costas amúchta ag baint úsáide as an modh úis éifeachtach. Déantar ionstraimí fiachais atá iníochta nó infhaighte laistigh de bhliain, féichiúnaithe trádála agus creidiúnaithe de ghnáth, a thomhas, ar dtús agus ina dhiaidh sin, ar mhéid neamh-lascainithe an airgid thirim nó ar chomaoin eile a mheastar a íocfar nó a gheofar. Mar sin féin, más idirbheart maoinithe é socruithe ionstraime gearrthéarmaí, amhail íocadh fiachas trádála iarchurtha thar ghnáth-théarmaí gnó nó i gcás iasachta gearrthéarmaí amach is amach nach bhfuil ag ráta an mhargaidh, déantar an tsócmhainn airgeadais nó an dliteanas a thomhas, ar dtús ag luach reatha sreafaí airgid amach anseo arna lascainiú ag ráta úis margaidh d'ionstraim fiachais chomhchosúil agus ina dhiaidh sin ag costas amúchta, mura gcáilíonn sé mar iasacht ó stiúrthóir i gcás de chuideachta bheag, nó iasacht lamháltais aonáin leasa phoiblí.

Déantar sócmhainní airgeadais a thomhaistear ag costas agus costas amúchta a mheas ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe le haghaidh fianaise oibiachtúil laige. Má aimsítear fianaise oibiachtúil ar laige, aithnítear cailteanas laige sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach.

Maidir le sócmhainní airgeadais arna dtomhas ag costas amúchta, déantar an cailteanas laige a thomhas mar an difríocht idir suim ghlanluacha sócmhainne agus luach reatha na sreafaí airgid measta lascainithe ag ráta úis éifeachtach bunaidh na sócmhainne. Má tá ráta úis athraitheach ag sócmhainn airgeadais, is é an ráta lascaine chun aon chailteanas laige a thomhas an ráta úis éifeachtach reatha arna chinneadh faoin gconradh.

Maidir le sócmhainní airgeadais arna dtomhas ar chostas lúide laige, déantar an cailteanas laige a thomhas mar an difríocht idir suim ghlanluacha sócmhainne agus an meastachán is fearr ar an méid inghnóthaithe, ar garmheastachán é den mhéid a gheobhadh an Chuideachta don tsócmhainn dá mbeadh sí díolta ar dháta an chláir chomhardaithe.



**COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN**  
**(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)**

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020**

**3. Breithiúnais maidir le beartais chuntasaíochta agus príomhfhoinsí neamhchinnteachta meastacháin a chur i bhfeidhm**

Measann na stiúrthóirí gurb ionann na meastacháin agus toimhdí cuntasaíochta thíos agus a gcuid meastachán agus breithiúnas cuntasaíochta:

**Gnóthas Leantach:**

Measann na stiúrthóirí gur cuí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh. Dá réir sin, ní áirítear leis na ráitis airgeadais seo aon choigeartuithe ar na suimeanna anonn agus ar aicmiú na sócmhainní agus na ndliteanas a d'fhéadfadh teacht chun cinn mura mbeadh an chuideachta in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

**Luacháil Stoic:**

Luacháiltear stoic leabhair ar a gcostas nó a nglanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Toisc gur sa chéad dá bhliain tar éis a dháta foilsithe a dhíoltar formhór na gcóipeanna de leabhar, tá na stiúrthóirí den tuairim nár cheart ach leabhair a foilsíodh laistigh de dhá bhliain ó dheireadh na bliana a chur a áireamh i luach an stoic. Rinneadh soláthar i gcoinne an chuid eile de stoic leabhair mar stoic mhallghluaisteacha nó stoic as feidhm.

**Tabhartais Seirbhíse Cíosa:**

Luacháiltear bronnadh úsáid an fhoirgnimh ag an luach margaidh a bhaineann le maoin den chineál céanna a fháil ar cíos sa cheantar céanna.

**Sócmhainní Seasta Doláimhsithe:**

Rinneadh an meastachán ar an saol úsáideach ar Shócmhainní Seasta Doláimhsithe a athbhreithniú i rith na bliana airgeadais ó 5 bliana go dtí 10 mbliana.

**4. Luach saothair iniúchóirí**

	2020	2019
	€	€
Táillí iníoctha leis an iniúchóir	<u>3,875</u>	<u>3,875</u>

**COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN**  
**(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)**

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS**  
**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020**

**5. Fostaithe**

Ba iad costais na foirne mar seo a leanas:

	<b>2020</b>	<i>2019</i>
	€	€
Pá agus tuarastail (lena n-áirítear conarthaí le haghaidh seirbhíse)	<b>81,632</b>	<i>77,548</i>
Costais árachais sóisialta	<b>8,615</b>	<i>8,136</i>
Costas na scéime ranníocaíochta sainithe	<b>6,360</b>	<i>6,174</i>
	<b>96,607</b>	<i>91,858</i>

Is iad a leanas meánlíon na bhfostaithe go míosúil le linn na bliana:

	<b>2020</b>	<i>2019</i>
	Líon	Líon
Fostaithe	<b>1</b>	<i>1</i>

Tá ball foirne lánaimseartha buan amháin ag Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann agus fostaíonn sé beirt ar bhonn conartha le haghaidh seirbhíse le haghaidh cúnamh riaracháin.

**6. An Deontas ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta**

Tagann ioncam iomlán na cuideachta don bhliain óna príomhghníomhaíocht a dhéantar go hiomlán in Éirinn.

Tá dliteanas teagmhasach ann le deontais rialtais a fhaightear a aisíoc i gcás nach n-úsáidtear an deontas chun na críche a tugadh é.

	<b>2020</b>	<i>2019</i>
	€	€
Deontas Bliantúil	<b>235,000</b>	<i>235,000</i>
Commentarius Cistí Cobhsaíochta	<b>62,500</b>	<i>-</i>
Gnó na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta	<b>-</b>	<i>2,716</i>
	<b>297,500</b>	<i>237,716</i>

**COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN**  
**(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)**

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS**  
**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020**

**7. Sócmhainní doláimhsithe**

	<b>Bogearraí ríomhaire</b>
	<b>€</b>
<b>Costas</b>	
Ag an 1 Eanáir 2020	<b>10,424</b>
Breiseanna	<b>2,450</b>
Ag an 31 Nollaig 2020	<b>12,874</b>
<b>Amúchadh</b>	
Ag an 1 Eanáir 2020	<b>2,085</b>
Muirear ar shócmhainní faoi úinéireacht don bhliain	<b>1,287</b>
Ag an 31 Nollaig 2020	<b>3,372</b>
<b>Glanluachanna leabhar</b>	
Ag an 31 Nollaig 2020	<b>9,502</b>
<i>Ag an 31 Nollaig 2019</i>	<b>8,339</b>

Le linn na bliana airgeadais, críochnaíodh an tionscadal um fhorbairt ar an láithreán gréasáin, agus rinne na Stiúrthóirí na costais bhainteacha a athaicmiú mar Shócmhainn Doláimhsithe i gcomhréir le FRS102. Mheas na Stiúrthóirí gur 10 mbliana é an saol úsáideach den fhorbairt seo ar an láithreán gréasáin.

**COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN**  
**(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)**

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS**  
**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020**

**8. Sócmhainní seasta inlámhsithe**

	Daingneáin agus feistis €
<b>Costas nó luacháil</b>	
Ag an 1 Eanáir 2020	57,123
Breiseanna	<u>1,878</u>
Ag an 31 Nollaig 2020	<u>59,001</u>
<b>Dímheas</b>	
Ag an 1 Eanáir 2020	52,403
Muirear ar shócmhainní faoi úinéireacht don bhliain	<u>2,817</u>
Ag an 31 Nollaig 2020	<u>55,220</u>
<b>Glanluachanna leabhar</b>	
Ag an 31 Nollaig 2020	<u>3,781</u>
Ag an 31 Nollaig 2019	<u>4,720</u>

Corpraíodh an chuideachta an 2006 Eanáir 24 agus bhronn Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann troscán agus trealamh oifige eile ab fhiú luach measta €48,710 uirthi. Aithnítear na sócmhainní sin sna breiseanna thuas ar luach ainmniúil €1.

Ar chríochnú an tionscadail um fhorbairt ar an láithreán gréasáin, cuireadh na costais ghaolmhara go léir san áireamh mar Sócmhainn Dolámhsithe ag deireadh na bliana.

**9. Stoic**

	2020 €	2019 €
Stoc Leabhar	<u>11,520</u>	<u>16,341</u>
	<u>11,520</u>	<u>16,341</u>

Luacháladh stoic leabhair ar a gcostas nó a nglanluach inréadaithe, cibé acu is ísle

**COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN**  
**(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)**

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS**  
**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020**

**10. Féichiúnaithe**

	<b>2020</b>	<i>2019</i>
	€	€
Méideanna Infhaighte	<b>5,284</b>	<i>5,342</i>
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhráithe	<b>2,426</b>	<i>8,562</i>
	<b>7,710</b>	<i>13,904</i>

**11. Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim**

	<b>2020</b>	<i>2019</i>
	€	€
Airgead sa bhanc agus ar láimh	<b>208,458</b>	<i>178,931</i>
	<b>208,458</b>	<i>178,931</i>

**12. Creidiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin**

	<b>2020</b>	<i>2019</i>
	€	€
Cánachas agus árachas sóisialta	<b>6,413</b>	<i>5,990</i>
Creidiúnaithe eile	<b>252</b>	
Fabhruithe	<b>7,439</b>	<i>14,577</i>
	<b>14,104</b>	<i>20,567</i>

**13. Ioncam iarchurtha**

	<b>2020</b>	<i>2019</i>
	€	€
<b>Deontais Rialtais</b>		
Ag an 1 Eanáir	-	<i>2,716</i>
A scaoileadh sa bhliain	-	<i>(2,716)</i>
<b>Ag an 31 Nollaig</b>	-	-

Baineann na Deontais Rialtais iarchurtha le hairgead a fuarthas i dtaca le tionscadal Commentarius. Cuireadh an tionscadal i gcrích faoi dheireadh na bliana 2019, de thairbhe gur scaoileadh an deontas ina iomlán

**COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN**  
**(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)**

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS**  
**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020**

**14. Ranníocaíocht Chaipitil**

Corpraíodh an chuideachta an 24 Eanáir 2006 agus bhronn Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann airgead tirim ab fhiú €130,731 agus stoc leabhar ab fhiú €24,100 uirthi. Bronnadh troscán agus trealamh oifige eile freisin agus cuireadh ar áireamh iad sna ráitis airgeadais ag luach ainmniúil €1. Is ionann é sin agus ranníocaíocht chaipitil iomlán is fiú €154,831.

**15. Costais phinsin**

B'ionann costais phinsin agus €6,360 (2019 – €6,174).

**16. Cúiteamh do phríomhphearsanra lucht bainistíochta**

Níor íocadh aon chúiteamh le príomhphearsanra bainistíochta i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2020.

**17. Idirbhearta páirtithe gaolmhara**

Aisíochtar le stiúrthóirí aon speansais taistil agus chothaithe a thabhaíonn siad le linn dóibh a gcuid dualgas a chomhlíonadh. I rith na bliana dar críoch 2020 b'ionann na costais iomlána a aisíocadh agus €784 (2019: €2,795).

D'aontaigh an chuideachta le hOifig na nOibreacha Poiblí nach mbeadh aon chíos le híoc as an spás oifige a úsáid. Faoi FRS 102 aithníodh luach margaidh de €42,500, lúide costas €3,022 i ráitis airgeadais 2020 (2019: €41,088) mar sheirbhís deonaithe neamh-mhalartaithe.

**18. Teagmhais Iarchláir Chomhardaithe**

Níorbh ann d'aon teagmhais shuntasacha a chuaigh i bhfeidhm ar an gcuideachta ó dheireadh na bliana agus níl aon athruithe suntasacha beartaithe ag na stiúrthóirí maidir le nádúr an ghnó.

**19. Páirtí rialaithe**

Tá an chuideachta á rialú ag a Comhaltaí agus ag an mBord Stiúrthóirí.

**20. Faomhadh na ráiteas airgeadais**

D'fhaomh an bord stiúrthóirí na ráitis airgeadais seo lena n-eisiúint ar an 5 Márta 2021